Caitheamh Aimsire
Cur i Láthair GCSE

Sinéad Ní Chíonn / Jennifer Quinn

Ba mhaith liom labhairt faoi mo chaithimh aimsire sa chur i láthair seo.

Sa chéad dul síos, tá mé gafa le spórt! Is breá liom sciáil mar tá sí an-bhríomhar go deo. Is fearr liom sciáil ná aon sport eile. Bím ag sciáil uair sa bhliain. Chuaigh mé go dtí an Iodáil leis an scoil ar thuras sciáile cúpla mí ó shin. Bhain mé an-sult as!

Caithim cuid mhaith ama ag imirt peile. Imrím peil ag an deireadh seachtaine. Imrím líonpheil ar fhoireann na scoile fósta. Níl suim dá laghad agam sa ghalf. Sílim go bhfuil sé leadránach.

Taitníonn ceol go mór liom. Is breá liom popcheol mar tá sé taitneamhach. Níl gléas ceoil agam féin. Ba mhaith liom a bheith ábalta seinm ar na drumaí. Is é Robbie an ceoltóir is fearr liom. Bíonn sé ag ceol leis féin. Tá clú agus cáil air. Seineann sé ar an ghiotár. Sílim go bhfuil sé iontach dóighiúil ar fad!

Amharcaim ar an telifís chomh maith. Is maith liom na sobalchláir mar bíonn siad taitneamhach. Cuidíonn sé liom mo scíth a ligint. Is fuath liom

scannáin bhleachtaireachta mar bíonn siad leadránach. Is é “40 days and 40 nights” an scannán is fearr liom. Is scannán ghrinn é. Is í Claire Sweeney duine de na haisteorí sa scannán sin. Sílim go bhfuil an scánnan sin greanmhar.

Téim chuig an phictúrlann gach deireadh seachtaine le mo chairde. Chonaic mé “13 going on 30” sa phictúrlann ar na mallaibh. Bhí sé go maith. Taitníonn an phictúrlann liom.

Tá mé i mo bhall den chlub óige. Teím ann gach Céadaoin. Imrím cispeil ann. Bainim an-sult as. Ag an deireadh seachtaine téim chuig an dioscó le mo chairde, tugaim cuairt ar an phictúrlann tráthnóna dé hAoine agus téim ag siopadóireacht le cairde maidin de Sathairn.

An deireadh seachtaine seo chugainn éireoidh mé go mall, feicfidh mé mo chairde uillig ag an dioscó agus ceannóidh mé eádaí nua. Tá mé tugtha don tsiopadóireacht!

Is iomaí caitheamh aimsire atá agam. Bím iontach gnóthach. Sin deireadh mo chaint, go raibh maith agat.